

❖ An Lúibín ❖

30 Meitheamh 2010

Gaeltacht

What does 'Gaeltacht' mean in the 21st century?

Tá Conradh na Gaeilge agus Guth na Gaeltachta seimineár dar teideal 'Céard is Gaeltacht ann sa 21ú haois?' le reachtáil i gCo Dhún na nGall ar 3/7/10. Ceist mhaith, más Astrálach thú (nó Meiriceánach, nó Ceanadach, nó Nua-Shéalannach, nó Rúiseach féin). Aithníodh fadó riamh nach raibh sa Ghaeltacht thraidisiúnta ach sean-nath, rud a bhí ag cailleadh a bhrí, agus go raibh 'Gaeltacht' nua ag teacht – ceann a bhain le gach cainteoir líofa (nó leathlíofa) ar fud an domhain. Tá cleamhnas idir é agus an Gréasán Domhanda: féach, mar shampla, suíomh amháin a bhfuil na scórtha eile laistigh ann - *Gaeilge ar an Ghréasán*: www.smo.uhi.ac.uk/gaeilge/gaeilge.html, gan trácht ar na suímh nach luaitear ann.

In Éirinn tá ionadaithe an Chonartha ag dul ar cuairt chun na gcoláistí samhraidh agus ag fógairt na mbuntáistí a bhaineann leis an Ghaeilge. Mar a dúirt Feidhmeannach Forbartha an Chonartha, Brenda Ní Ghairbhí, tá 'deiseanna nua fostaíochta' ar na buntáistí céanna, agus Microsoft, Samsung agus Facebook ag baint tairbhe as an teanga. Cuireann seo bunús leis an tuairim gur mó an seans atá ag Gaeilgeoirí na hÉireann ar rathúnas ná mar atá ag Béarlóirí, rud a thabharfadh beagán sólais do na Gaeil agus an tír in umar na haimléise.

Tá dhá chúis ag daoine le tabhairt faoin teanga thar lear: le hómós do na sinsir nó toisc gur chuir an teanga aisteach seo draíocht ar a gcroí. (An dá rud in éineacht, minic go leor.) Níl sé inséanta, pé scéal é, go bhfuil a líon ag méadú. Tá, ar ndóigh, na blaganna agus eile ann; tá *An Gael*¹ ann agus *An Lúibín*; tá ranganna ann, taighde á dhéanamh agus céimeanna ollscoile le fáil. Seo cuid d'oidhreacht na hAthbheochana Móire fadó – an Duinníneach, an Piersach, Coláiste Éanna, Conradh na Gaeilge mar a bhí. Reiceadh an scéal i measc na nGael thar lear.

Tá athrú ag teacht ar an teanga, gan amhras. Í breac le Béarlachas, dealramh níos simplí uirthi, rian na teicneolaíochta uirthi. Sin é an chaoi agus níl leigheas air. Teanga dhomhanda anois í ar a mionslí féin, agus is fiú í a shaothrú ar an gcúis sin.



Catullus i nGaeilge

A new book shows that many hands are ready to render Catullus into Irish.

Is beag teanga ab ansa leis na Gaeil ná an Laidin, seachas na Ghaeilge féin. Scríobh siad na milliúin focal inti agus bhí scoláirí riamh ann a raibh ardeolas acu ar litríocht na Róimhe. Tá Catullus, duine de na filí Rómhánacha is fearr, ina bheatha arís i nGaeilge, a bhuíochas sin ar Choiscéim agus ar chuid mhaith d'fhilí Gaeilge na hÉireann: *Catullus Gaelach: Leaganacha de Dhánta Catullus ó Fhilí na Gaeilge*, curtha in eagar ag Pádraig Breandán Ó Laighin, Coiscéim 2010.

Ag seo liosta de na daoine a thiontaigh Gaius Valerius Catullus go Gaeilge, agus ní liosta gearr é. (Taispeánann sé, ar a laghad, nach bhfuil easpa scríbhneoirí ar litríocht nua-aoiseach na teanga seo.)

¹ www.angaemagazine.com

Colette Nic Aodha, Deirdre Brennan, Bríd Dáibhís, Celia de Fréine, Claire Lyons, Bidy Jenkinson, Ceaití Ní Bheildiúin, Ailbhe Ní Ghearbhuigh, Siobhán Ní Shíthigh, Delores Stewart, Nuala Reilly, Paddy Bushe, Colm Breathnach, Philip Cummings, Liam Prut, Louis de Paor, Seán Hutton, Seán Mac Mathúna, Tomás Mac Siomóin, Pádraig Mac Fhearghusa, Simon Ó Faoláin, Domhnall Mac Síthigh, Gearóid Mac Spealáin, Máire Mac an tSaoi, Pádraig B. Ó Laighin, Ciarán Ó Coigligh, Tadhg Ó Dúshláine, Lodaigh Mac Fhionghain, Máire Úna Ní Bheaglaoich, Dairena Ní Chinnéide, Bríd Ní Mhóráin, Áine Uí Fhoghlú, Gabriel Rosenstock, Máire Nic Mhaoláin, Gearóid Ó Cléirigh, Mícheál Ó hUanacháin, Diarmuid Ó Gráinne, Mícheál Ó Cuaig, Seán Ó Luaing, Mícheál Ó Ruairc, Pádraig Ó Snodaigh, Aogán Ó Muircheartaigh, Derry Ó Sullivan, Brian Stowell, Dónall Ó Cuill, Pádraig Ó Máille, Seán Ó Curraoin, Breandán Ó Doibhlin.



Ollscoil na nGarbhchríoch

The University of the Highlands is advertising its wares in two languages via YouTube as part of a larger effort to increase the number of Gaelic speakers.

Tá Ollscoil na nGarbhchríoch (*University of the Highlands – UHI*) ag iarraidh mic léinn a mhealladh ar Chainéil 4 agus 5 agus ar YouTube in Albain le scannán gearr fógraíochta i nGàidhlig agus i mBéarla: *Beachdaich air UHI / Think UHI*. Má tá tú ag féachaint ar *Desperate Housewives* nó ar *Neighbours*, cuirfeadh ar cheist ort: Cén fáth nach mbainfeá triail as ár n-ollscoil?

Ceist mhaith, agus gá leis: foras scaipthe is ea UHI agus gan ach timpeall 8,000 mac léinn aici faoi láthair, daoine atá le fáil i dtír áit léinn déag. Níorbh aon díobháil cur lena líon, agus tá UHI ag iarraidh teacht ar dhaoine nach bhfuil ina gcónaí sna Garbhchríocha féin.

Thaispeáin daonáireamh na bliana 2001 go raibh 58,652 cainteoir Gàidhlig sa tír, gan trácht ar a raibh de dhaoine ann a raibh eolas éigin ar an teanga acu. Ba lú a líon anois, ach tá na mílte fós ann agus iad spréite ó cheann ceann na tíre. Tá a leath le fáil thiar, ach tá 19% ina gcónaí sa limistéar atá timpeall Ghlaschú, agus a lán eile le fáil i nDún Éideann, in Obar Dheathain agus in Inbhir Nis.

Tá plean Gàidhlig á ndruchtú ag UHI, rud atá ag cur leis an rún atá ag an rialtas glúin nua de chainteoirí Gàidhlig a sholáthar. Tá rún ag Bòrd na Gàidhlig go mbeadh sé scoil lán-Ghàidhlig ann i gceann dhá bhliain in ionad an dá scoil atá anois ann. De réir an phlean, déanfar an líon múinteoirí atá á n-oiliúint trí Ghàidhlig a mhéadú faoi cheathair agus dhá mhíle dhaoine fásta sa bhreis a chur ag foghlaim na teanga faoi Mhí Aibreáin 2012. Ba mhaith leis an mBòrd 65,000 cainteoir Gaeilge a bheith ann faoin mbliain 2021 agus 100,000 faoin mbliain 2041. I bhfianaise an easpa ratha a bhíonn ar phleananna Gaeilge in Éirinn, ba chóir an t-ádh a ghuí leis na hAlbanaigh.

Féach fógra UHI ag <http://www.youtube.com/user/thinkuhi>.



Mianraí na hAfganastáine

At a time when it is unclear what 'victory' would mean in Afghanistan and when it is becoming possible to contemplate negotiation with the Taliban, a momentous discovery has been made: vast mineral deposits throughout the country. From this could follow foreign investment, holy or unholy alliances and the enrichment of the few.

Le tamall anuas tá daoine á rá gur chóir do na chomhghuaillithe an Afganastáin a fhágáil.² Deirtear nach bhfuil a fhios ag polaiteoirí cén cuspóir atá acu, d'ainneoin teoiricí tréana frithcheannairce, airm iontacha agus misneach na saighdiúirí. Deirtear go bhfuil bunscéal á reic san Iarthar gur féidir náisiún nua-aoiseach a dhéanamh den Afganastáin, gur féidir scoláiocht a thabhairt do na mná go léir agus daonlathas a chur i bhfeidhm. Deirtear gur beag toradh a bheidh ar an iarracht atá á déanamh ar fháil réidh le poipíní codlaidín (an barr is tairbhí sa tír) agus barra eile a chur á shaothrú ina áit. Ní mór ach oiread cuimhneamh ar thábhacht an chreidimh san Afganastáin. Bhí tábhacht leis le linn na Sóivéadach agus tá fós, rud a fhágann gurb iad na náisiúin Mhuslamacha amháin a d'fhéadfadh cúrsaí a athrú san Afganastáin. Ach tá fadhbanna dá cuid féin le fuascailt ag an bPacastáin, mar shampla.

Deirtear nach bhfuil de réiteach air ach an tír a fhágáil. Más ea, is iad na Meiriceánaigh a chaithfidh tús a chur leis. Ní féidir linn bua a bhreith ar an sceimhlitheoireacht i dtíortha atá i bhfad i gcéin. Faisnéis mhaith agus póilíneacht mhaith an chosaint is fearr ar sceimhlitheoirí sa bhaile.

Ní aontódh gach duine leis an méid sin ach is beag duine a shéanfadh go bhfuil bunús éigin leis. Ach is garr ó tharla rud a chuir cor eile ar fad sa scéal: tháinig scata feidhmeannach agus geolaithe ó Mheiriceá ar fhosuithe mianraí san Afganastáin ar fiú trilliún dollar iad. Iarann, copar, ór, cóbalt, litiam agus eile atá i gceist, agus ba leor iad chun ceann de na háiteanna mianadóireachta is tábhachtaí ar domhan a bhunú.

Taobh le codlaidín, le támhshuanaigh agus le hairgead ó thíortha tionsclaithe atá geilleagar na tíre faoi láthair, agus níl in olltáirgeacht náisiúnta na tíre ach timpeall \$12 bhilliún. Deirtear go bhfuil na Meiriceánaigh ag iarraidh an tír a ullmhú chun tairbhe a bhaint as na mianraí. Tugadh isteach comhlachtaí idirnáisiúnta cuntasóireachta atá cleachta le conarthaí mianadóireachta chun go dtabharfaidís lámh chúnta don Aireacht Airgeadais, agus tá sonraí teicniúla á n-ullmhú le aghaidh comhlachtaí mianadóireachta agus infheisteoirí eile. Tá feidhmeannaigh áitiúla á gcomhairliú faoin mbealach is fearr chun tairiscintí a fháil ó lucht mianadóireachta.

Má imíonn na saighdiúirí tiocfaidh daoine a bhfuil cuspóirí eile ar fad acu. Déanfaidh siad margadh le pé dream atá faoi réim, agus ní gá gurb é an dream céanna a bheidh i dtreis i gach áit. B'fhéidir go n-áiteodh an scéal ar an Talaban gur fiú dóibh a bheith ar a míle dícheall ag iarraidh dul i réim. Ach is Paistiúnaigh iad formhór an Talaban, agus tá grúpaí eile ann ar nós na Hasarach a dhéanfaidh a ndícheall na Paistiúnaigh a bhacadh.

Fágann sin an rialtas (más fiú rialtas a thabhairt air): polaiteoirí i gCabul agus iad ag brath ar thaoisigh áitiúla. Níl caimiléirí in easnamh orthu, agus b'fhurasta do scata boc mór (agus caidreamh ag cuid acu ar an Uachtarán) na mianraí nó cuid acu a shealbhú. Deirtear gur dócha go mbeadh na mianraí ina chnámh spairne ag an rialtas agus ag ceannairí áitiúla, rud nach deacir a chreidiúint.

Ba bhreá leis an Iarthar dá dtiocfadh bláth agus rathúnas ar an tír, ach ba cheart a bheith san airdeall. Tá dlí mianadóireachta ag an Afganastáin ach níor baineadh triail cheart as fós, agus b'fhurasta an timpeallacht a milleadh. Is féidir cleasanna nua a fhoghlaim de réir a chéile, ar ndóigh, ach ní féidir a bheith cinnte de go dtiocfaidh deireadh leis an gcodlaidín ná leis an gcogadh.

² Sampla de seo is ea alt le Michael O'Connor, athstíúrthóir feidhmitheach Chumann Cosanta na hAstráile: 'Best the West pulls out of Afghanistan,' *The Weekend Australian*, 23/6/10.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.

Gaeltacht

Tá Conradh na Gaeilge agus Guth na Gaeltachta seimineár dar teideal³ ‘Céard is Gaeltacht ann sa 21ú haois?’ le reachtáil i gCo Dhún na nGall ar 3/7/10. Is minic a deirtear go bhfuil ‘Gaeltacht’ nua ann – cainteoirí Gaeilge ar fud⁴ an domhain. Tá an Gréasán Domhanda mar nasc eatarthu – féach *Gaeilge ar an Ghréasán*: www.smo.uhi.ac.uk/gaeilge/gaeilge.html.

In Éirinn tá ionadaithe an Chonartha⁵ ag fógairt na mbuntáistí a bhaineann leis an Ghaeilge. Tá Microsoft, Samsung agus Facebook ag baint tairbhe as an teanga.⁶

Tá dhá chúis ag daoine le tabhairt faoin teanga⁷ thar lear: le hómós do na sinsir⁸ nó toisc gur chuir an teanga aisteach seo draíocht ar a gcroí. (An dá rud in éineacht,⁹ b’fhéidir.)

Tá athrú i ndán don teanga¹⁰ féin. Beidh rian an Bhéarla agus na teicneolaíochta uirthi agus beidh sí níos simplí. Ach teanga dhomhanda anois í.

Ollscoil na nGarbhchríoch

Tá Ollscoil na nGarbhchríoch (*University of the Highlands – UHI*) ag iarraidh¹¹ mic léinn a mhealladh le scannán gearr fógraíochta i nGàidhlig agus i mBéarla: *Beachdaich air UHI / Think UHI*.

Thaispeáin daonáireamh na bliana 2001 go raibh 58,652 cainteoir Gàidhlig sa tír. Tá a leath¹² le fáil thiar, ach tá 19% ina gcónaí sa limistéar atá timpeall Ghlaschú, agus a lán eile le fáil i nDún Éideann,¹³ in Obar Dheathain¹⁴ agus in Inbhir Nis.¹⁵

Tá rún ag Bòrd na Gàidhlig go mbeadh sé scoil lán-Ghàidhlig ann i gceann dhá bhliain¹⁶ in ionad¹⁷ an dá scoil atá anois ann. Ba mhaith leis an mBòrd 65,000 cainteoir Gaeilge a bheith ann faoin mbliain 2021 agus 100,000 faoin mbliain 2041.

Féach fógra UHI ag <http://www.youtube.com/user/thinkuhi>.

Mianraí na hAfganastáine

Le tamall anuas¹⁸ tá daoine á rá gur chóir do na chomhghuaillithe¹⁹ an Afganastáin a fhágáil. Deirtear nach bhfuil a fhios ag polaiteoirí cén cuspóir atá acu,²⁰ nach féidir náisiún nua-aoiseach a dhéanamh den Afganastáin, agus nach féidir barr nua a chur á shaothrú²¹ in áit an chodlaidín.²²

³ Dar teideal - titled

⁴ Ar fud - throughout

⁵ Ionadaithe an Chonartha – representatives of the Gaelic League

⁶ Ag baint tairbhe as an teanga – making good use of the language

⁷ Tabhairt faoin teanga – make an attempt at learning the language

⁸ Le hómós do na sinsir – in homage to one’s forebears

⁹ In éineacht - together

¹⁰ In ndán don teanga – in store for the language

¹¹ Ag iarraidh - trying

¹² A leath – half of them (‘their half’)

¹³ Dún Éideann - Edinburgh

¹⁴ Obar Dheathain - Aberdeen

¹⁵ Inbhir Nis - Inverness

¹⁶ I gceann dhá bhliain – within two years

¹⁷ In ionad – instead of

¹⁸ Le tamall anuas – for some time now

¹⁹ Na comhghuaillithe – the allies

²⁰ Cén cuspóir atá acu – what their objective is

²¹ Barr nua a chur á shaothrú – to cause a new crop to be cultivated

²²

Deirtear gur fearr an tír a fhágáil, agus gurb iad na Meiriceánaigh a chaithfidh tús a chur leis. Faisnéis²³ mhaith an chosaint is fearr ar sceimhlitheoirí²⁴ sa bhaile.

Is gearr ó tharla rud a chuir cor eile ar fad sa scéal:²⁵ tháinig geolaithe²⁶ ar mhianraí²⁷ san Afganastáin ar fiú trilliún dollar iad. Tá siad le fáil ar fud na tíre. Geilleagar lag atá ag an Afganastáin faoi láthair.

Tá na Meiriceánaigh ag iarraidh an tír a ullmhú chun tairbhe a bhaint as na mianraí. Tá cúnadh á thabhairt²⁸ don Aireacht²⁹ Airgeadais, agus tá sonraí teicniúla³⁰ á n-ullmhú.³¹

Má imíonn na saighdiúirí tiocfaidh na mianadóirí isteach, agus déanfaidh siad margadh le pé dream atá i réim.³² B'fhéidir go mbeadh an Talaban ar a míle dícheall³³ ag iarraidh smacht a fháil³⁴ ar an tír dá bharr,³⁵ cé go gcuirfeadh grúpaí eile ina gcoinne.³⁶ B'fhéidir go ndéanfaidh polaiteoirí cama iarracht ar na mianraí a shealbhu. Tá dlí mianadóireachta ag an Afganastáin ach níor baineadh triail cheart as³⁷ fós. Níl taithí ag an rialtas³⁸ ar an timpeallacht a chaomhnú ach oiread. B'fhéidir nach dtiocfadh deireadh leis an gcodlaidín ná leis an gcogadh.

²³ Faisnéis - intelligence

²⁴ Sceimhlitheoirí - terrorists

²⁵ Rud a chuir cor eile ar fad sa scéal – something that put an entirely new complexion on the matter

²⁶ Geolaithe - geologists

²⁷ Mianraí - minerals

²⁸ Tá cúnadh á thabhairt – help is being given

²⁹ Aireacht - ministry

³⁰ Sonraí teicniúla – technical details

³¹ Á n-ullmhú – being prepared

³² I réim – in power

³³ Ar a míle dícheall – trying their very best

³⁴ Smacht a fháil – gain control

³⁵ Dá bharr – as a result

³⁶ Cé go gcuirfeadh grúpaí eile ina gcoinne – though other groups would oppose them

³⁷ Níor baineadh triail cheart as – it has not been properly tested

³⁸ Níl taithí ag an rialtas - the government is unused (*ar – to*)